# INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

# SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE, EARRACH, 2023

---

# SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

---

## PÁIPÉAR II – 100 MARC

**(80 MARC ANSEO AGUS 20 MARC DO 'TEANGA AGUS CULTÚR')**

---

**Uair agus leathuair an chloig don pháipéar seo (10.00-11.30). Dhá cheist a fhreagairt, ceist amháin as gach Roinn**.

---

## ROINN A

### PRÓS

**Freagair Ceist 1 nó Ceist 2**

**1.** "Tugann an aiste 'La Fontaine,' le Breandán Ó Doibhlin, léiriú iontach ar nádúr fhabhalscéalta La Fontaine."
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don aiste mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

**2.** "Sa scéal 'Triúrmhilleadh,' le Seán Mac Mathúna, bhí tionchar mór ag gníomh amháin de chuid Joan ar a saol iomlán."
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don scéal mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

## ROINN B

## FILÍOCHT

### Freagair Ceist 3 nó Ceist 4

3. “Sa dán, ‘Úirchill an Chreagáin,’ le hArt Mac Cumhaidh, léirítear an tír mar bhean álainn atá ag iarraidh an file a mhealladh léi.”
Pléigh an tuairim sin agus luaigh línte ón dán mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

### ÚIRCHILL AN CHREAGÁIN

Ag Úirchill an Chreagáin a chadail mé aréir faoi bhrón
is le héirí na maidne tháinig ainnir fá mo dhéin le póig;
bhí gríos-ghrua ghartha aici 'gus lainnir ina céibh mar ór
's gurb é íocshláinte an damhain bheith ag amharc ar an ríoghain óig.

'A fhialfhir charthanaigh, ná caitear thusa i ndéalramh bróin
ach éirigh 'do sheasamh 'gus aistrigh liom siar sa ród
go tír dheas na meala nach bhfuair Gallaibh ann cead réim go fóill
mar 'bhfaighir aoibhneas ar hallaibh do do mhealladh le siansa ceoil.'

'Cha diúltfainn do chuireadh ar a gcruinníonn siad na ríthe d'ór
ach gur cladhartha liom scarúint le mo charaid  'tá sa tír go fóill;
an céile úd a mheallas le mo gheallúint tráth bhí sí óg,
dá dtréigfinn anois í gur fiosach damh go mbeadh sí i mbrón.'

'Cha shílim gur caraid duit a maireann de do ghaoltaibh beo-
tá tú faofa, gan earra, bocht earraoideach, baoth, gan dóigh;
nach mb’fhearr dhuitse imeacht le hainnir na maothchrobh meor
nó an tírse a bheith ag fanóid faoi gach rabhán dá ndéan tú 'cheol?'

'A ríoghain deas mhilis, an tú Helen far tréaghdadh sló
nó an de na naoi mná deasa thú ó Pharnassus bhí déanta i gcló?;
cá tír insa chruinne 'nar hoileadh thú, a réalt gan cheo,
lér mhian leat mo shamhailse a bheith ag cagarnaigh leat siar sa ród?'

'Ná fiafraigh dhíom ceastaibh óir cha gcadlaim ar an taobhsa 'Bhóinn;
is síogaí beag linbh mé a hoileadh le taobh Ghráinne Óig';
i mbruín cheart na n-ollamh bím go follas ag dúscadh an cheoil,
san oíche ag Teamhair 's ar maidin i gclár Thír Eoghain.'

"S é mo ghéarghoin tinnis gur theastaigh uainn Gaeil Thír Eoghain
agus oidhribh an Fheadha gan seaghais faoi léig 'ár gcóir,
géagaibh glandaite Néill Fhrasaigh nach dtréigfeadh an ceol
is chuirfeadh éide fá Nollaig ar na hollaimh bheadh ag géilleadh dóibh.'

**4.** “Tá téama an ghrá mar fhothéama sa dán, ‘Teilifís,’ le Gabriel Rosenstock.”
Pléigh an tuairim sin agus luaigh línte ón dán mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

**TEILIFÍS**

***(Faoi m'iníon Saffron)***

Ar a cúig a chlog ar maidin
Theastaigh an teilifís uaithi.
An féidir argóint le beainín
Dhá bhliain go leith?
Síos linn le chéile
Níor bhacas fiú le gléasadh
Is bhí an seomra préachta.
Gan solas fós sa spéir
Stánamar le hiontas ar scáileán bán.
Anois! Sásta?
Ach chonaic sise sneachta
Is sioráf tríd an sneachta
Is ulchabhán Artach
Ag faoileáil
Os a chionn.